Measann an tUdarás go dtuagtar léargas fhirinneacha chóra le ráitis airgeadais an Udarais Arachais Sláinte agus an Chiste araon ar feidhmíocht airgeadais agus ar staidéanna airgeadais an dá eintiteas amháil an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Udarais

Tá an tUdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltai, agus ceaptar iad uile ag an Aire Sláinte. Ceapadh Comhaltai an Udarais le haghaidh tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus tagann siad le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana. Sonraítear sa tábla thíos tréimhse an cheapacháin le haghaidh na gComhaltai reatha:

Comhaltai an Udarais	Ról	Data an Cheapacháin
Dr Fiona Kiernan	Gnáthchomhaltai	1 Feabhra 2016
Caroline Barlow	Gnáthchomhaltai	24 Meitheamh 2019
Michael A. O'Sullivan	Gnáthchomhaltai	24 Meitheamh 2019
Damien McShane	Gnáthchomhaltai	5 Iúil 2019
Marcella Flood	Gnáthchomhaltai	5 Iúil 2019
John Armstrong	Gnáthchomhaltai	18 Meán Fómhair 2019
Sheelagh Mallin (Cathaoirleach)	Cathaoirleach	6 Bealtaine 2010
Athcheaptha an 1 Feabhra 2016		


Rinne an tUdarás feimheasúnú chun a fheidhmíocht féin a mheasúnú in Albreán 2019 agus déanfáidh sé measúnú seachtarach a choimisiúint in 2020.

Bunáid an tUdarás ag ordú an Aire an 1 Feabhra 2001, faoin Acht Arachais Sláinte, 1994 mar a leasáidh (na "hAchtanna Arachais Sláinte"). Le Sceideal 1 den Acht Arachais Sláinte bunáitear an tUdarás mar chomhlacht corparáideach mar aon leis na socrúithe le haghaidh an Cathaoirleach agus Comhaltai an Udarás a cheapadh. Tá an tUdarás comhdhéanta de sheachtar comhaltai a cheapann an Aire Sláinte, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Tá Rialacha Gní (Téarmaí Tagartha) curtha i bhfeidhm ag an Udarás lena leagtar amach na socrúithe maidir le comhaltas an Udarás, tionól agus réachtáil cruinnithe, ról Rúnaí an Udarás, agus dualgais agus freagrachtaí tuairiscithe an Udarás. Tá na rialacha ar aon dul leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód") de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Tá na socrúithe sin infheidhme freisin maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca, as a bhfuil an tUdarás freagrach faoi na hAchtanna.

Struchtúr Eagraíochta



Ta feidhmeanna an Udarás leagtha amach in Alt 21 (1) de na hAchtanna Arachais Sláinte. Tuairiscíonn an tUdarás don Aire Sláinte maidir leis na socrúithe rialachais dá chuid agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus feidhmiú se an tasc sin trí chuspóirí straitéisacha agus spriocanna a leagan síos agus trí chinntí straitéisacha a ghilacadh maidir le prionshaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach/Cláráitheoir (POF/C) agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh rialta an Udarás Arachais Sláinte. Ní mór don Príomhfheidhmeannach/Cláráitheoir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an stiúradh straitéisach leanthan atá leagtha síos ag an Udarás a leanúint, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na Comhaltai uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomh-chinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dócha a bheidh ag teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach/Cláráitheoir mar idirghabhálaí díreach idir an tUdarás agus an lucht bainistíochta.

An tUdaráis Arachais Sláinte

Faisnéis faoin Udaráis

Comhaltai an Udaráis

Sheelagh Malin (Cathaoirleach)
Dr Fiona Kiernan
Caroline Barlow
Michael A. O'Sullivan
Damien McShane
Marcella Flood
John Armstrong

Promhfeidhmeannach/Clárathveoir

Don Gallagher

Rúnai

Maeve Kearns

Bainceirí

AIB plc.
40/41 Westmoreland Street
Dublin 2

Permanent TSB
56/59 St Stephens's Green
Dublin 2

Iníochóir

Comptroller and Auditor General
3A Mayor Street Upper
Dublin 1
DO1PF72

Orifigi

Canal House
Canal Road
Dublin 6
D06 FC93

Clár Abhar	
Faisnéis faoin Udarás	27
Ráitis ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird	28
Ráiteas ar Rialú Imhéanach	32
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	34
Ráitis Airgeadais	37

Leathnach

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

[“an tUdarás”]

An tUdarás Árachais Sláinte

5 Tuarascáil agus Cuntais 2019

5.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Udarais Arachais Sláinte don bhliain ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019

Chuíg an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí Alt 32(2) den Acht Arachais Sláinte, 1994, cuireann an tUdarás Arachais Sláinte an Tuarascáil agus na Cuntais dá chuid i láthair don tréimhse dhá mhí déag dar críoch an 31 Nollaig 2019.

4.3 Acmhainní

Foiréann

Fostáin an Údarás seachtar mar bhail foirne

Cistíú

Déantar oibríochtaí an Údarás a chistiú ag tobhach ar ghnóthais chlárthaí i gcomhréir le hAit 17 den Acht Arachais Sláinte, 1994. Rialacháin um Thobhach 2010⁴ socraítear an ráta nach mór do ghnóthais chlárthaí a íoc ag 0.12% den ioncam ó phreimheanna de chuid na ngnóthas clárthaí. Rinneadh leasú breise le hionstraim Reachtuil 528/2014, de Rialacháin um Thobhach 2014 an Achta Arachais Sláinte 1994 (Ait 17) ar an tobhach ar ioncam agus an ráta a shocrú ag 0.01% le haghaidh 2015 agus 0.09% ó 2017 ar aghaidh. Iocú an tobhach leis an Údarás ar bhonn ráthúil. Tá oblaeáid ar ghnóthais chlárthaí freisin sonraí a chur isteach faoi líon na ndaoine faoi árachas agus faoi ioncam ó phreimheanna. Tá achóir ar na stáitisticín in Agusín A. Tá Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amháil an 31 Nollaig 2019 leagtha amach in Agusín D.

⁴Rialacháin, 2010, um Thobhach an Achta Arachais Sláinte, 1994 (Ait 17) (Leasú) (I.R. Uimh. 539 de 2010).


Tá a chuid spríocanna á mbaint amach ag an Údarás chun an spríoc de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 33% a chomhlíonadh faoi 2020.

- Leantúint le hidliú fuinnimh freagrach a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.
- Úsáid mhéadaithe as cumarsáid dhigiteach a chur chun cinn; agus an chóiríocht reatha;
- Bogfaidh an Údarás chug oifig nua in 2020, a bheidh thar a bheith níos tiosal ar fhuinneamh ná mar atá
- Gairis ilfheidhmeacha atá tiosach ar fhuinneamh a sholáthar agus treamh á athsholáthar;

Gníomhaíochtaí an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá Beartaithe in 2020:

- Leantúint le hidliú fuinnimh freagrach a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.
- Úsáid mhéadaithe as cumarsáid dhigiteach nuair a bhíonn sé praiticiúil; agus fuinneamh nuair a theastáin treamh nua;
- Treamh Teicneolaíochta Faisnéise agus treamh eile arna athsholáthar le treamh níos tiosal ar
- An t-ama bhainistíú ar aon dul leis an aimsir iarbhr;

Gníomhaíochtaí an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh a Cuiradh Chun Feidhme in 2019:



Sa ghráf a leanas taispeántar an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil don Údarás ag tosú sa bhliain bhonnline 2009 suas go dtí 2019.

- 15.5KWh (2018: 13.5KWh) de bhreoslaí iontaise (téamh)
 - 35.0KWh (2018: 30.3KWh) de leictreachas agus
- In 2019, d'ídig an tÚdarás 50.6 kWh mar fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de na níthe a leanas:

fhoirgneamh iomlán.

Tuairiscíonn an tÚdarás faoina fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Imharthana na hÉireann faoi IR Uimh. 542/2009 - Rialacháin 2009 ó na Comhphobail Eorpacha (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh). Bíonn an tuarascáil ar fheidhmíocht fuinnimh bunaithe ar chion fhoireann an Údarás laistigh den

Tá oifig amháin ag an Údarás atá lonnaithe i dTeach na Canála. Tá na hoifigí suite ar urlár amháin d'fhoirgnimh oifigí iláitithe atá faoi úinéireacht Construction Workers Pension Scheme Trustees Limited. Níl an t-achar urlár atá léasaithe níos mó ná 1,000m² mar a bhíonn Deimhniú Fuinnimh Taispeántais de dhíth.

Sa bhréis ar phróiseáil iarratas a dhéantar faoin Acht um Shaoiréil Faisnéise 2014 de réir mar a thaghtear iad, 'A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority', agus le chéile treoraí

Cuirtear na treoirleabhair le chéile i gcomhréir leis na hAchtanna um Shaoiréil Faisnéise agus foilsítear iad ar láithreán greasáin an Udarais. D'fhonn Alt 8 den Acht um Shaoiréil Faisnéise 2014 a chomhlíonadh, d'ullmháigh agus d'fhoilsigh an tUdarás Scéim Foilséachán, agus aird a tabhairt ar phrionsabail na hoscailteachta, na follasachta agus na cuntasachta. Leis an Scéim Foilséachán ligtear d'fhoilsíú nó do thabhairt faoi réir na bhfeidhmíochtaí agus inrochtana ar bhonn gnáthrialta lasmúigh de Shaoiréil Faisnéise ar an gcoinníoll nach bhfuil foilsíú nó soláthar rochtana den sórt sin coiscithe faoi dhí. Tríd an Scéim geallann an tUdarás chun faisnéis a chur ar fáil mar chuid de na gníomhaíochtaí gnó normalta dá chuid i gcomhréir leis an Scéim.

Fuair an tUdarás ceithre iarratas um Shaoiréil Faisnéise le linn 2019 agus sholáthair sé faisnéis maidir le sé cheist ón Oireachtas.

An Straitéis Cumaráide

Oibríonn an tUdarás beartas lena mbaineann oscailteacht, comhairliúcháin agus díospóireacht le páirtithe leasmhara ábhartha. Cuirtear an tUdarás faoi réir chumaráid le tomhaltóirí, le páirtithe leasmhara agus le páirtithe eile a bhfuil spéis acu i soláthar seirbhíse rialála agus i bhfeidhmíú a chuid feidhmeanna.

D'fhorbair an tUdarás Plean Cumaráide le haghaidh 2019 i gcomhar le soláthraithe na seirbhíse cumaráide Corparáideacha agus a Chuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach trí chláir tomhaiste agus éifeachtach de

Le linn 2019, bhí an tUdarás gníomhach i roinnt feachtas cumaráide lena úsáideadh gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí spríochta agus fógraíocht araon chun tuiscint an phobail a threoriú agus a neartú maidir leis an margadh árachais sláinte príobháideach pobalrátaithe, agus athruithe ar oibriú an mharгаidh sin.

Cuimsíodh na nítithe a leanas leis na príomhghníomhaíochtaí cumaráide:

- Feachtas Fógraíochta Bliantúil maidir le hAthnuachan Polasaithe
- Teagmháil leanúnach le tomhaltóirí trí phostálacha ar na meáin shóisialta agus trí fhógraíocht ar líne
- Foilsíú Nuachtlitreacha ráithiúla an Udarais;
- Foilsíú taighde neamhspleách an Udarais ar thomhaltóirí maidir leis an tionscal árachais sláinte príobháidigh;
- Freagairt a dhéanamh ar cheisteanna ó na meáin maidir le raon gnóthaí a bhaineann le hárachas sláinte
- Muirir ar othair a bhfuil cumhdach PHI acu in ospidéal phoiblí;
- Athrú soláthraithe cumhdáigh; agus
- Gníomhaíochtaí frithchialaíse sa réimse a bhaineann le PHI;
- Agallaimh ar raidió dírithe ar stáisiúin réigiúnacha d'fhonn raon teagmhála an Udarais Árachais Sláinte a mhéadú
- Freastal ar imeachtaí poiblí amhail Comórtas Náisiúnta Treabhóireachta 2019 agus ar mharaonach 50 Plus Láithreoireachtaí don Bhan Ceanais agus do na Fórsaí Cosanta maidir le ról an Udarais Árachais Sláinte.

Idtí Fuinnimh

Shocraigh an Rialtas spríoch don earnáil phoiblí de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 33% faoi 2020, comhionann le 3,240 GWh. Is ionann sin agus 10% den choigilteas fuinnimh a theastíonn faoi 2020 don gheilleagair iomlán (socráíodh spríoch náisiúnta de choigilteas 20% don gheilleagair ina iomláine). Chun an coigilteas spríochta a bhaint amach forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGENE) agus i gcomhar le Rialacháin 2009 ó na Comhphobail Eorpacha (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhís Fuinnimh) tugadh sainordú maidir leis na hoibleagáidí agus spríocanna a leanas:

- Ón 1 Eanáir 2011, cuirfidh gach comhlacht earnála poiblí ráiteas i dtuarascálacha bliantúla ina mbeidh cur síos ar na gníomhaíochtaí atá á nglacadh acu chun an éifeachtúlacht fuinnimh dá chuid a fheabhsú mar aon le measúnú ar a dhul chun cinn i dtreo na spríce de 33%;
- Cuirtear clár um éifeachtúlacht fuinnimh i bhfeidhm maidir le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Udarais Aitíúla, an tSeirbhís Sláinte agus réimsí eile na hearnála poiblí;
- Cleachtais soláthair atá tiosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm; agus
- Ní foláir nó go mbíonn Deimhniú Fuinnimh Taispeántais ar taispeántais ag gach foirgneamh earnála poiblí níos mó ná 1,000m² chun idíú fuinnimh iarbhrí agus an Rátaíl Fuinnimh Foirgnimh a thaispeáint.

Seo a leanas na rioscaí a bhí rangaithe mar ardrioscaí ar chláir rioscaí an Udarás ag deireadh 2019:

Tabla 1 - Rioscaí a bhí Rangaithe mar Ardrioscaí agus Gníomhaíochtaí Maoilaithe ón GClár Rioscaí

Saimhniú an Riosca	Gníomhaíocht Mhaolaithe
Tuiscint neamhimeor ag tomhaltóir ar chumhdach arachais sláinte	<ul style="list-style-type: none"> Feidhm um fhaisnéis do thomhaltóir, plean cumarsáide agus obair fógraíochta de chuid an Udarás a dhéantar Láithreachta ag imeachtaí pobail, Comórtas Náisiúnta Treabhdoireachta, Móronach 50 Plus Láithreoiracht do Rannóg Tomhaltóir an Bhainc Cheannais na hÉireann
Saincheist um riosca de chlistí!	<ul style="list-style-type: none"> Bogearraí friturscair agus fritivireas cothrom le dáta Nósanna imeachta nuashonraithe, seirbhísithe agus slándála iomchuí Tástáil bhliantúil maidir le treá Iníochadh Imhébhanach ar chórais TF Tástáil ar shlándaíl an láithreáin ghreasaín arna cur i gcrích
Riosca maidir le caillleadh príomhphearsanra	<ul style="list-style-type: none"> Infhaighteacht soláthraithe seirbhíse seachtracha Déantar Comharbas/Teagmhasacht don Udarás agus don lucht bainistíochta Pleanáil réamhghníomhach maidir le hacmhainní Cúchistí airtgeadais imleora coinnithe
An riosca nach nglactaídh an Roinn Sláinte uinéireacht ar scéim Aoisliúntais HIA	<ul style="list-style-type: none"> Leaúint le teagmháil rialta leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe
An riosca a bhaineann le deighilt idir árachóir agus laistigh árachóir agus baint an bhoimín ón 'bpríomhchuspóir' mar thoradh air sin	<ul style="list-style-type: none"> An Scéim um Chomhionannú Riosca An fheidhm um fhaisnéis do thomhaltóir, an plean cumarsáide agus obair fógraíochta Forálacha reachtúil do chomhionann na nAchtanna Arachais Sláinte Tuarascálacha leathbhliantúla chug an Roinn Sláinte maidir le measúnú agus anailísí na dtuariscéan faisnéise Leaúint le comhairle a sholáthar maidir le nuashonrú agus feabhsú na scéime um chomhionannú riosca Monatóireacht ar an difríocht idir meánphreimheanna le haghaidh aoisghrúpáil éagsúla Arachóirí oscailte uile chun cloí le Cód Cosanta Tomhaltóir an Bhainc Cheannais na hÉireann Tacaíocht a thabhairt don Roinn Sláinte lena cuid oibre chun bearta um stádas sláinte feabhsaithe a thabhairt isteach

Na Teangacha Oifigiúla

Comhionann an tUdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus coimeádann sé teagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ina leith sin.

Dhreachtaigh an tUdarás an chéad Scéim Ghaeilge dá chuid faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Déantar foráil in Alt 11 do chomhachataí pobail go n-uillmhóidh siad scéim reachtúil lena sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- tri mhéán na Gaeilge;
- tri mhéán an Bhéarla; agus
- tri mhéán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

D'fhorbair an tUdarás an Scéim i gcomhréir leis na Treoirínte arna n-uillmhú faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; Dhéarbhaigh Aire na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta céad Scéim Teangacha an Udarás Arachais Sláinte 2017 - 2020, agus tháinig sí i bhfeidhm an 9 Deireadh Fómhair 2017. Sa Scéim leagtar amach na bearta a ghlactar chun a áirithiú go soláthrófar raon seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí mhéán na Gaeilge sa teanga sin laistigh den fhrama ama comhaontaithe. Tá an Scéim ar fáil ar láithreán greasáin an Udarás ag www.hia.ie

Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna ón Oireachtas

Leanann an tUdarás chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le freagairt ar iarraitais faoi Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna ón Oireachtas. Tháinig an tUdarás faoi raon feidhme an Acht um Shaoráil Faisnéise le rith Rialacháin 2006 an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhachataí Forordaithe), a tháinig i bhfeidhm ón 31 Bealtaine 2006. Fanann an tUdarás faoi raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltai an Udarais agus an fhoireann ábhartha a gcuid oibleagáidí faoin reachtataíocht sin.

Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le hAlt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh an Udarás níosana imeachta agus coimeádann sé iad ionas gur féidir le fostaithe reatha nó le hiar-fhostaithe nochtadh cosanta a dhéanamh maidir leis an Udarás agus a chuid oibre agus chun déileáil le nochtadh mar sin. Soláthraíodh faisnéis i scríbhinn maidir leis na níosana imeachta sin do na fostaithe uile. Tá beartas an Udarais ar fáil ar a láithreán gréasáin ag <https://www.hia.ie/about-us/governance>.
Maidir le 2019, ní dhéanadh nochtadh ar bith don Udarás faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Cearna an Duine agus Comhionannas

I gcomhréir le hAlt 42 den Acht fa Chóimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, bhunaigh an Udarás níosana imeachta agus coimeádann sé iad chun deireadh a chur le leithcheal, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint de chuid daoine a úsáideann seirbhísí an Udarais, daoine atá buailte lena bheartais agus daoine atá fostaithe ag an Udarás.

Iniúchadh Imhéanach

Tá feidhmeanna an Udarais leagtha amach in Alt 21 (1) de na hAchtanna Arachais Sláinte. Bhunaigh an Udarás Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) a bhfuil mar fheidhm aige tacú leis an Udarás maidir leis an fhréagracht dá chuid as saincheisteanna a bhaineann le riosca, riail agus rialachas agus le hárachas gaolmhar.
Tháinig an ARC le chéile ceithre huairé in 2019. Tá sonraí faoi bhailiúcháil agus faoi thírreamh ag crúinnithe an Choiste Iniúchóireachta & Riosca ar feadh 2019 le fáil sa Ráiteas ar Rialachas atá sna Cuntais agus atá leagtha amach i Gcuid 5 den Tuarscáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla seo. Chomhaontaigh an ARC clár iniúchtaí imhéanacha agus le linn 2019 d'ordaigh an Coiste go ndéanfaidh BDO, iniúchóirí imhéanacha arna gceapadh ag an Udarás, roinnt iniúchtaí thar a cheann. Rinne na hiníúchóirí imhéanacha iniúchtaí ar leith ar na rialuithe airgeadais imhéanacha don Udarás Arachais Sláinte agus don Chiste um Chomhionannú Riosca, mar aon le hathbhreithníú ar bhainistíocht riosca. Cuirtear tuarscálacha maidir le gach iniúchadh ina raibh tuairiscí ar na hiníúchtaí, torthaí na hiníúchtaí agus tréachtanna ón lucht bainistíochta faoi bhráid an ARC agus an Udarais. Bhual an ARC leis na hiníúchóirí imhéanacha agus leis na hiníúchóirí seachtaracha a raon le linn na bliana. D'uillmháigh feidhmeanna an Udarais pleananna gníomhaíochta chun tabhairt faoi thorthaí na n-iniúchtaí agus rinne an ARC monatóireacht orthu sin.
Rinne an ARC maoinseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar shaincheisteanna a bhain leis an mbeartas cuntasachta, le bainistíocht riosca, le rialuithe imhéanacha agus le luach ar airgead.

Bainistíocht Riosca

Tríd an ról agus na feidhmeanna dá chuid a chur chun feidhme, nochtar an Udarás do rioscaí straitéiseacha, oibríocháin agus airgeadais éagsúla. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht chun cinn ó fhoinsí imhéanacha nó seachtaracha agus d'fhéadfadh siad cosc a chur ar ábaltacht an Udarais, nó dul i bhfeidhm uirthi go tromchúiseach, chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.
Ar aon dul le "Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais", arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais i Márta 2004, agus ar aon dul leis an gCód, shocraigh an Udarás an inghlachacht riosca don eagraíocht agus d'fhorbair sé beartais chun na rioscaí a bhíonn os a chomhair a shainiú, a mheasú, a mhaolú agus a bhainistiú. Le bainistíocht éifeachtach riosca ligtear don Udarás an bhainistíocht straitéiseach, oibríocháin agus airgeadais dá chuid a fheabhsú.

Airítear Bainistíocht Riosca le Téarmaí Tagartha an ARC agus cuirtear de chuíram go dtéar an gCoiste maoinseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Is mir bhuan í Bainistíocht Riosca ar chláir oibre an Udarais agus an ARC araon. Sa bheir sin, déanann an Udarás athbhreithníú bliantúil ar na rioscaí arna sainiú a mhaolú. Cuirtear rioscaí a dhéantar a shainiú ar bplean bainistíochta le haghaidh na rioscaí arna sainiú a mhaolú. Cuirtear rioscaí a dhéantar a shainiú ar bplean bainistíochta le haghaidh na rioscaí ar bhonn leannach. Déanann an Udarás athbhreithníú dhá uair eile sa bhliain ar rioscaí atá rangaithe mar ardrioscaí (na cinn sin atá ráitithe mar rioscaí buí nó dearga), ar rioscaí nua agus ar rioscaí a athraíonn ar an gClár Rioscaí.

4 Gnóthaí Corparáideacha

4.1 An Strateis

Le linn 2018, d'fhorbair an tUdarás Plean Strateiseach don tréimhse thrí bliana 2019 go 2021 lena leagtar amach an Mísean, na Bunluachanna, na Físeanna, na Spriocanna, na Cuspóirí Strateiseacha, na Rioscaí agus na Gníomhaíochtaí um Maoil. Is é aidhm an Udarais chun leanúint lena ról agus lena chuid seirbhísí a neartú ar aon dul lena shainchuram reachtúil, trí phleanáil ar aghaidh agus feabhsú leanúnach a chur i bhfeidhm.

Tá an Plean ar fáil ar láithreán gréasáin an udarais ag <https://www.hia.ie/strategy-plan>

Leis na ráitis a leanas corpráitear príomhchuspóir agus fócas strateiseach an Udarais maidir leis na trí bliana le teacht.

Fis an Udarais

"Le bheith aitheanta mar rialálaí neamhspleách ar an Margadh Arachais Síainte agus mar fhoinsé údarsach faisnéise agus comhairle ina leith."

Mísean an Udarais

Seo a leanas mísean an Udarais:

"Déanamid an margadh arachais síainte a rialáil faoi na hAchtanna Arachais Síainte. Agus sin á dhéanamh againn, déanamid faisnéis faoin margadh a bhailiú, a analísíú agus a chomhróinnt, agus comhlíonadh na hAchtanna á áirithiú agus an margadh arachais síainte á chumasú chun oibriú go héifeachtach chun leasa tomhaltóirí, soláthraithe, an lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara eile;"

Bunluachanna an Udarais

Ghlac an tUdarás leis na luachanna a leanas chun a chur i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí. Seo a leanas luachanna an Udarais:

- chun gníomhu i gcónaí le neamhspleáchas, le neamhchlaontacht agus le macántacht;
- chun oibriú ar bhealach próifisiúnta agus éifeachtach;
- chun a bheith ina choimeádaí iontaoifa maidir le sócmhainní faoina bhainistíocht;
- chun teagmháil ghníomhach a dhéanamh le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara eile agus chun a bheith fáilteach maidir le smaointe nua agus moltaí ó fhoinsí uile;
- chun a bheith réamhghníomhach agus nuálach maidir lena chur chuíge;
- chun follasacht a choimeád maidir lena chuid gníomhaíochtaí uile; agus
- chun meas a bheith aige ar na daoine dá chuid.

Aithníonn an tUdarás an tábhacht a bhaineann leis an bhFis, leis an Mísean agus leis na Luachanna dá chuid, atá mar threoir aige, le haghaidh caighdeán arda agus soláthar seirbhíse ardchaighdeán a choimeád.

4.2 Rialachas Corparáideach

An Gód Cleachtas um Rialachas Corparáideach

Leis an gCód Cleachtas um Rialú an Udarais Arachais Síainte comhlíontar an Chóid Athbheithnithe le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an "Cód") a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Cuirtear forálacha athbheithnithe an Chóid in ionad na gcaighdeán arna n-eisíúint roimhe sin i nDeireadh Fómhair 2001 agus i mBealtaine 2009 ag an Roinn Airgeadais.

Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an tUdarás san áireamh le hionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na hAchtanna um Eitic in Oifigí

3.3.2 Forbairt

Is é láithreán greasáin an Udarais Arachais (www.hia.ie) an fhoinsé údaráisach maidir le faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna arachais síáinte. Coimeádann an tUdarás an láithreán greasáin, lena soláthraítear faisnéis do thomhatoirí ar aon dul leis na feidhmeanna um fhaisnéis do thomhatoirí atá leithdháilte don Udarás san Acht Arachais Síáinte (Forálacha Ilchineálacha), 2009. Nuair a thugann siad cuairt ar www.hia.ie, beidh rochtain ag thomhatoirí ar raon d'ábhair arna gcur i láthair go simplí lena ndéanfar a gceisteanna uile a fhreagairt agus lena dtabharfar an fhaisnéis a theastáin uathu chun an cinneadh is fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlach. Tá saoráid um chomparáid idir pleananna ar an láithreán greasáin, lena ligítear do thomhatoirí na pleananna is íomchuí a roghnú dá gcúinsí féin agus sochair agus praghsanna pleananna a chur i gcomparáid le chéile taobh le taobh. Soláthraítear rochtain leis an tsaoráid comparáide sin ar shonraí gach plean atá ar an margadh. In Aibreán 2019 seoladh an uirlis chomparáide uasghrádaithe. Leis an uirlis sin ligítear do thomhatoirí anois pleananna a chur i gcomparáid le chéile bunaithe ar phraghas, ar chumhdach, ar bharrachas agus ar raon na sochar. Is féidir le thomhatoirí anois suas le céithre phlean a chur i gcomparáid le chéile ag céim amháin ar bith.

Tá an uirlis in ann scagadh a dhéanamh faoi chineál an ospidil, faoi chóiríocht, faoi chumhdach, faoi phraghas in éineacht le barrachais. Is féidir suas le céithre phlean a chur i gcomparáid le chéile go comhuaineach. Is féidir leis an tomhatoirí brabhsáil a dhéanamh ar ghairis íolracha agus an teilifón, ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce san áireamh.

Fuarthas níos mó ná 440,387 gcuairt ar an láithreán greasáin in 2019.

3.3.3 Fógraíocht

Tá feachtas fógraíochta 2019/2020 dirithe ar an aoisghrúpa 35 bliana go 55 bliana agus is gné den feachtas cat beochana "Hunter", agus aird á diríú ar an HIA mar an fhoinsé faisnéise iontaofa agus neamhspleách maidir le hárachas síáinte príobháideach in Éirinn. Ós rud é go ndearnadh tréimhse an fheachtais a theorannú le costas ard agus saoire ghearr na fógraíochta teilifíse agus preasa traidisiúnta do 3 seachtaine thart ar an Nollaig, aistríodh an fócas le feachtas 2019/2020 ar na meáin shóisialta agus ar raidió, rud lenar ligeadh d'úsáid an choigiltis sa bhuiséad chun an feachtas a shineadh go céithre mhí.

Ligeadh don HIA leis an gcoigiltéas costais infheistíocht a mhéadú i nithé cruthaitheacha agus an fógra Hunter an Cat a tháirgeadh as a mbainfead úsáid thar roinnt feachtas. Cruthaíodh an feachtas ar na meáin shóisialta chun tionchar a imirt le haghaidh céithre mhí agus rois d'ailt nuachta, de ghhlacadh seilbhe ar leathanaigh bhailé, agus fógraí Google ag tús an fheachtais chun briseadh tríd a bhaint amach, agus feachtas fada lena n-úsáidfead raidió, físeán ar iarratas, foilsíú digiteach agus fógraíocht lasmuigh den bhailé chun aithneantas a thabhairt don HIA mar an fhoinsé faisnéise iontaofa agus neamhspleách maidir le hárachas síáinte príobháideach in Éirinn.

3.3.4 Na Meáin Shóisialta

Lean an tUdarás chun a láithreacht ar na meáin shóisialta a chur chun cinn le linn 2019, trí fhógraíocht spríochta, trí phostálacha urraithe, agus trí chomhpháirtíochtaí le foinsí nuachta ar líne. Mhéadatomar ár n-ascchur meán sóisialta freisin ar Twitter, ar Facebook agus ar Instagram. Soláthraítear faisnéis agus nuashonruithe leis na postálacha maidir le míreanna nuachta chomh maith le naisc siar chuig www.hia.ie. Mar thoradh ar rannpháirtíocht mhéadaithe an Udarais ar na meáin shóisialta, chonaic an tUdarás méadú ar thrácht a dhírítear go díreach ar an láithreán greasáin ó na meáin shóisialta

3.3 Leas na dTomhaltóirí

3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí

I measc fheidhmeanna an Udarás tá "a leithéid de bhearta a ghlacadh agus a mheasán sé iomchuí chun feasacht bhaill an phobail a mhéadú ar a gcearta mar thomhaltóirí arachais sláinte agus ar sheirbhísí arachais sláinte atá ar fáil dóibh" agus monatóireacht a áirithiú maidir leis na hAchtanna Arachais Sláinte.

Laistigh den sainchúram sin, is é aidhm an Udarás feasacht na dtomhaltóirí ar a gcearta a mhéadú agus chun cuidiú leo táirgí arachais sláinte a thuisceint. Déanann an Udarás monatóireacht freisin ar sholáthar faisnéise do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht ar chomhlíonadh na hAchtanna Arachais Sláinte.

Faisnéis do Thomhaltóirí

Cuidíonn an Udarás le tomhaltóirí trí cheisteanna maidir le hárachas sláinte a fhreagairt agus trí chuidiú leo díospóidí le hárachóirí a réiteach. In 2019 ba ionann líon na gceisteanna agus na ngearán a fuair an Udarás agus 2,790 teagmháil (2018: 4,940). I measc na n-ábhar is cotianta a cuireadh faoi bhráid an Udarás bhí na nithe a leanas:

- Iarratais ar chomparáidí idir táirgí arachais sláinte;
- Iarratais ar fhoilseacháin faisnéise an Udarás;
- Pobalrátú Saoil;
- Ceisteanna maidir le hagar feithimh;
- Ceisteanna maidir le táirgí arachais sláinte agus cumhdach pleananna;
- Cearta maidir le hárachóirí a athrú;
- Polasaithe cealaithe árachóirí;

Ghlac an Udarás seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhddóireachta i Meán Fómhair 2019 agus ag Móraonach 50 Plus i nDeireadh Fómhair mar mheán eile chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí.

Le linn 2019, rinne an Udarás idirghabháil go rathúil thar ceann tomhaltóirí maidir le sainchisteanna a tháinig chun cinn maidir lena n-árachas sláinte. Tá dhá shampla de chásanna arna réiteach ag an Udarás leagtha amach thíos.

Cás-staidear 1

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Udarás le cur in iúl dó gur dhíultáigh árachóir chun a leanbh a chumhdach ar pholasaí. Bhí a polasaí féin ag an tomhaltóir trína cuid oibre nach raibh a mac cumhdaithe air agus ba mhian leis a mac a chur faoi árachas ar pholasaí ar leith. Dhíultáigh an t-árachóir i mar dúirt siad nach mór aosach a bheith cumhdaithe ar an bpolasaí freisin d'fhonn leanbh a chur faoi árachas ar pholasaí.

Rinne an tUdarás teagmháil leis an árachóir chun an fhaisnéis a tugadh don tomhaltóir a cheistiú agus chun níosana imeachta an árachóra agus comhlíonadh an phrionsabail de Rólú Oscaite a dhearbhu. Chuir an t-árachóir in iúl dó nach bhfuil leanaí faoi aois 18 mblána faoi árachas gan aosach a bheith ar an bpolasaí. D'inis an tUdarás don árachóir go mbéadh sé riachtanach don árachóir, d'fhonn Rólú Oscaite a chomhlíonadh, mionaoisigh a ghlacadh ar pholasaí fiú mura raibh aon aosach faoi árachas ann. Dhearbhaigh an t-árachóir go gclóffeadh sé leis an iarratas thuas agus go gcuirfeadh sé leanaí faoi árachas anois ar pholasaithe agus tuismitheoir nó caomhnóir mar shealbhoir an pholasaí.

Chuir an t-árachóir athoilúint ar an bhfoireann maidir leis an níos imeachta nua sin.

Cás-staidear 2

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Udarás chun aghi feithimh a cheistiú a bheadh infheidhme maidir le conrathal nua. Bhí an tomhaltóir tar éis polasaí a thógáil amach le hárachóir agus cuireadh in iúl dó ar dhá ghlaoch ar leith go mbéadh aghi feithimh 26 seachtaine infheidhme maidir le timpistí agus gortuithe.

Rinne an tUdarás teagmháil leis an árachóir agus cheistigh sé an fhaisnéis a tugadh do thomhaltóirí maidir le hagar feithimh. Rinne an t-árachóir seiceáil siar ar chomhráite roimhe sin leis an tomhaltóir. D'aithin an t-árachóir go ndearnadh earráid maidir le hagar feithimh agus go bhfuil timpistí agus gortuithe cumhdaithe gan aon aghi feithimh 26 seachtaine.

Ghlac an t-árachóir air féin chun athoilúint a chur ar na gníomhairí lena mbaineann agus chuir sé athoilúint ar an bhfoireann maidir leis an níos imeachta nua sin.

Bhí 305 tháirge árachais sláinte lenar bhain sochair othair chonaitheigh á margú ag deireadh 2019, i gcomparáid le 333 ag deireadh 2018. Airítear le gnéithe an mhargaidh:

- Bhí 8% de na conarthaí árachais sláinte a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2019 faoi réir ag an ráta níos ísle de dhleacht stampála a bhaineann le conarthaí Gan Chumhdach Breise, i gcomparáid le 9% ag deireadh 2018.
- Bhí polasaithe ag 6.9% den daonra faoi árachas nach raibh gach ospidéal poiblí cumhdaithe leis ag deireadh 2019 (8.4% ag deireadh 2018).
- Mar thoradh ar éifeacht chomhcheangailte ghnéithe spríochta na dtáirgí agus an difríocht i bpréimheanna le haghaidh tairgí éagsúla, focann na daoine sin atá níos sine ná 60 bliain as préimheanna atá, ar an meán, 30% níos airde ná na préimheanna as a n-locann siad atá níos óige ná 60 bliain le haghaidh na leibhéal is cottianta de chumhdach. Ar an meán, teastáil leibhéal níos fearr de chumhdach ospidéal ó thomhaltóirí níos sine i gcomparáid le tomhaltóirí níos óige agus uaireanta d'fhéadfadh drogall níos mó a bheith orthu. pleananna nó árachóirí a athrú.

3.2.2 Tairghe arna Choimisiúint ar an Margadh Árachais Sláinte

Coimisiúnáil an tUdarás tairghe mór ar thomhaltóirí an mhargaidh árachais sláinte gach dhá bhliain. Rinneadh an babhta tairghe is déanaí ar thuairimí i nDeireadh Fómhair 2019 agus foilsíodh é i Feabhra 2020. Is féidir feachaint air ar láithreán gréasáin an Udarás.

Sa suirbhé, cé go bhfuil sástacht le cuideachtaí árachais sláinte go measartha ard fós, fuarthas amach gur laghdáil i bhfad ar suirbhé in 2018.

Laghdáil leibhéal an athraithe arís sa suirbhé is déanaí tar éis an laghdaithe sa suirbhé roimhe sin. Níor athraigh ach 19% de dhaoine faoi árachas sláinte riamh. (Sa suirbhé i

Feabhra 2018 ba é an céatadán 22% agus 24% sa suirbhé roimhe sin.) As an líon sin a d'athraigh, ní dhearna an mhórchuid díobh ach athrú amháin. I measc iad siúd nár athraigh riamh, ní dhearna ach 10% acu machnamh ar athrú riamh. Thit an céatadán sin ó bhuaicphointe de 20% in 2013. I measc iad siúd a d'athraigh, ní dhéantar breithníthe maidir le costais a lua sa mhéid céanna (cé gurb iad sin an fachtóir is mó). Ina aghaidh sin, luann mórchuid na ndaoine faoi árachas sláinte easpa coigiltis chostais mar an chuis nár athraigh siad.

Tá 62% díobh siúd ag a bhfuil árachas sláinte sa chatagóir shoch-dhimeagráfach ABC1 i gcomparáid le 41% den daonra i gcoitinne. Tá 62% d'aosáigh ag a bhfuil árachas sláinte pósta i gcomparáid le 49% d'aosáigh i sampla iomlán an tsuirbhé. Is é is dóichí nach mbeidh árachas sláinte ag aosáigh níos óige ná 35 bliana agus is é is dóichí go mbeidh árachas sláinte ag aosáigh níos sine ná 65 bliana.

Baineann na cuiseanna is mó le haghaidh árachas sláinte le costas na cóireála míochaine, chomh maith leis an gcaighdeán agus an easpa rochtana, a mheastar a bheith ann, maidir le seirbhísí poiblí. Creideann mórchuid díobh sin sa suirbhé go ligean árachas sláinte do dhaoine scuainí a sheachaint agus leibhéal seirbhíse níos fearr a fháil.

3.2.3 Tairghe Coimisiúnaithe Eile

Fuair an tUdarás tuarascáil ó na sainchomhairleoirí airgeadais agus eacnamaíochá da chuid maidir le measúnú róchúitímh i dtaca leis an scéim um chomhionannú riosca de réir mar a eilítear leis na hAchtanna Árachais Sláinte.

Thacaigh an tUdarás le tairghe leis an Ollamh Kanika Kapur ar na suirbhéanna ar thomhaltóirí árachais sláinte a dhéanam an tUdarás go débhlíantúil. Foilsíodh a cuid tairghe san Athbhreithníú Eacnamaíoch agus Sóisialta agus i bPáipéir Oibre acadúla COBAC.

Rinne an tUdarás tairghe ar a chonlán féin ar an margadh árachais sláinte. Fuair sé tuarascáil freisin ó KPMG maidir le Ról an Árachais Sláinte i gCúram Sláinte in Éirinn

3.2.4 Comhairle

Tugann an tUdarás comhairle rialta d'oifigigh na Roinne Sláinte maidir le gnéithe éagsúla árachais sláinte agus bualleann sé ar bhonn rialta le hoifigigh ón Roinn. I measc na bpríomhábhar lena mbaineann an chomhairle tá athrúithe reachtataochta ionchasacha a bhaineann le hárachas sláinte, athrúithe féideartha agus forbairtí sa todhchaí maidir leis an scéim um chomhionannú riosca agus forbairtí/sonraí an mhargaidh árachais sláinte.

Tá cláonadh ann go mbíonn éilimh níos airde in aghaidh an duine faoi árachas ina dtoradh ar dhul in aois an daonra faoi árachas de réir a chéile, fiú mura bhfuil méaduithe costais i soláthar an chúraim sláinte mar, ar an meán, teastáil níos mó ó dhaoine scothaosta. Meastar go bhfuil an éifeacht "aosaíthe" sin comhionann le 3.6% in 2019 i gcomparáid le cás nuair nach mbeadh athrú ar bith ar phróifíl aoise an daonra faoi árachas.

Ag deireadh na bliana 2019, bhí trí Ghnóthas Bailiríochta Oscailte ag oibriú sa mhargadh (Vhi Healthcare, Laya Healthcare agus Irish Life Health). Cheannaigh Irish Life Health agus rinne sé oibríochtaí an dá chuid de chomhaireamh agus Feabhra 2017. I Nollaig 2019, bhí sciar Vhi Healthcare den mhargadh comhionann le 50%, tar éis dó a chumas i Feabhra 2017. I Nollaig 2019, bhí sciar Vhi Healthcare den mhargadh comhionann le 50%, tar éis dó a bheith comhionann le 95% i lár na 1990í suiar oscailt an margadh don iomaíocht. Bhí sciar Laya Healthcare² den mhargadh comhionann le 26% agus bhí sciar Irish Life Health comhionann le 20%. Tá sciar comhcheangailte den mhargadh comhionann le 4% ag Gnóthas Bailiríochta Teoranta (Féach Agusín A, Tábla 3).


Athraíonn sciartha den mhargadh go suntasach de réir aoiseanna na ndaoine faoi árachas, de réir mar atá leagtha amach in Agusín C, cé go bhfuil méid an athraithe ag laghdú le blianta beaga anuas. Mar shampla, ag deireadh 2019, bhí 52% den mhargadh faoi árachas le Vhi Healthcare gan gnóthais teoranta san áireamh agus bhí 59% díobh síúd d'aois 70-79 ag a raibh árachas faoi árachas leo, i gcomparáid le 72% ag deireadh 2014.

Costas na nÉileamh ar Árachas Sláinte agus ar Chúram Sláinte

€1,200 a bhí sa mheáimhídeáil a fochad mar phréimh árachais sláinte maidir le cumhdach othair chónaitigh in 2019, i gcomparáid le €1,210 in 2018. Tá na figiúirí sin bunaithe ar leibhéil na bpréimheanna comhlána ach is é éifeacht na bpréimheanna do leanal agus lascaim d'aoisigh óga ná go laghdaitear an meánfigiúr³.

Le haghaidh sé bliana, bhí boiliscí i bpraghsanna do thomhaltóirí gar do nialas. Bhí boiliscí an-íseal san innéacs sláinte i bpraghsanna do thomhaltóirí freisin le blianta beaga anuas. Laghdáidh prímheanna árachais sláinte go suntasach in 2018 ach méadú iad in 2019. Méadúidh fo-innéacs árachais sláinte phraghsainnéacs tomhaltóirí faoi 6.3% sa dá mhí déag go dtí Nollaig 2019.

Sa chairt a leanas taispeántar conas a athraíodh ráta na n-éileamh arna n-íoc in aghaidh an duine faoi árachas idir 2015 agus 2019 agus na blianta sin san áireamh. Tugtar ualú de 1/3 sna ríomhanna sin d'fhonn an phréimh níos ísle a íoc ar a léiriú. (Tá figiúirí na n-éileamh bunaithe ar shainmhíniú teicniúil sna Rialacháin um Thuairiscéil Faisnéise maidir le "sochair athfhillte").



Bhí na héilimh lomlána arna n-íoc ag na trí phríomh-árachóir sláinte (Vhi, Laya, Irish Life Health) comhionann le €2.24bn in 2019. As an méid sin, bhain thart ar 1% le héilimh ó othair sheachtracha (lenár áiríodh tálillí do lianna comhairleacha othar seachtrach), bhain 19% le cóiréilí ó lianna comhairleacha in ospidéal (lenár áiríodh cásanna lae agus níosann imeachta i seomra taoibh), bhain 49% le hospidéalí phríobháideacha agus 21% le hospidéalí phoiblí. Cé go raibh sciar den mhargadh ag Vhi comhionann le 50%, fuair siad cuid níos airde faoi 6% d'éilimh, lenár áiríodh éilimh ó othair sheachtracha.

² Is idirghabhálaí árachais é Laya Healthcare Ltd a dhíolann na polasaithe árachais sláinte atá frithghheallta ag Elips Insurance Limited, atá ina ghnóthas cláraithe leis an Údaráis. Ní rialaíonn an Údaráis Laya Healthcare Ltd ach tá sé rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann mar idirghabhálaí árachais.

³ Deantar na préimheanna glána a ghearrann árachóirí ar thomhaltóirí a laghdú ag faoiseamh ó chéim ioncaim, atá comhionann le 20% den phréimh chomhlán suas go huasmhéid de €200 agus faigheann na hárachóirí sin go díreach ó na Coimisiúirí Ioncaim.


3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachais Sláinte


Méid an Mhargaidh

Is é an margadh árachais sláinte an margadh neamshaoil is mó in Éirinn. Ba ionann ioncam ó phríomheanna in 2019 agus €2.72 billiún, agus ba ionann é sin agus méadú 1.4% i gcomparáid le 2018. Bhí 94% den mhéid sin ag trí árachóir, is iad sin Vhi, Laya agus Irish Life Health. Laghdadh príomheanna in aghaidh an duine faoi 0.8% ar an meán in 2019 agus in 2018 araon.

Ba ionann líon na ndaoine a bhí faoi árachas sa mhargadh árachais sláinte ag deireadh 2019 agus 2.27m (agus leanai san áireamh), agus ba ionann é sin agus 46% den daonra. Bhí líon na ndaoine a bhí faoi árachas i Nollag 2019 2.5% níos airde ná 12 mhí roimhe sin, agus méadú an t-éileamh i gcoinne an chúlra de gheilleagair ag dul i méid (Féach Agusín A, Tábla 1). Bhí líon na ndaoine faoi árachas ag méadú ó dheireadh 2014 tar éis mheathlú domhan an gheilleagair sa tréimse 2009 go 2012. Tharla an buaicphointe de 2.3m duine faoi árachas ag deireadh 2008 (51% den daonra). Tá an daonra ag méadú faoi thart ar 1% in aghaidh na bliana ó go luath in 2015. Is é is dóichí go bhfuil árachas sláinte ag daoine d'aois 45 go 80 agus tá sé ag beagan níos mó ban ná fir.



Tá meánaois an daonra ag méadú agus tá ceadán an daonra sna grúpaí aois is sine ag méadú go seasta, rud atá ag méadú an éilimh ar churam sláinte. Athraíonn cuid den daonra ag a bhfuil árachas sláinte go suntasach faoi aois agus tá na codanna sna haoisghrúpaí is sine ag méadú níos gasta ná an meánlíon. Mar thoradh air sin, méadú an ceadán den daonra d'aois 60 bliain agus níos sine faoi 0.6% in aghaidh na bliana ó 2009 agus ag deireadh 2019 ba ionann é agus 22%. Táthar ag súil go leanfar leis an dá threocht (dul in aois an daonra agus dul in aois níos gasta na coda den daonra ag a bhfuil árachas sláinte) sa mheantearra.



Iuaithe agus a bhíonn an tUdarás sásta go bhfuil na creidimheasanna um chomhionannú riosca arna n-éileamh dlite go ceart do ghnóthas, eagraíonn an tUdarás focadh an mhéid dhilte ón REF.

Bailiú na Coimisiúní Ioncaim an tobhach um pobalrú mar dhleacht stampála ó ghnóthas chláraithe ar bhonn ráithiúil. Bíonn sé dlite ar an 21 lá den dara mí tar éis dheireadh gach ráithe. Ansin focann na Coimisiúní Ioncaim méid an tobhach ráithiúil le cuntas reatha an REF. Déantar cistí nach dteastáil láithreach ó chuntas reatha an REF a imheistiú i Nótaí an Stáitchiste. Is ionann Nótaí an Stáitchiste agus ionstraimí fachaí ghearrthéarma arna n-éisiúint ag Gníomhairacht Bainistíochta an Chistéáin Náisiúnta.

Fostáil an tUdarás sainchomhairleoirí iníochta imhéanúil chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar nósanna imeachta an Udarás le haghaidh an REF a riar. Ullmhaithear cuntais bhainistíochta agus cuirtear iad faoi bhráid Chomhairle an Udarás ar bhonn míosúil.

3.15 Clár na nGnóthas Sochar Síainte

Tá an tUdarás freagrach as “Clár na nGnóthas Sochar Síainte” (“an Clár”) a choimeád. Déantar fóráil le hAit 14 den Acht Arachais Síainte 1994 ionas go n-éilithear ar árachóir síainte ar bith atá i mbun gnó árachais síainte in Éirinn chun clárú leis an Udarás agus deimhniú a fháil uaidh.

Ní mór iarratas ar athnuachán an chláir a chur isteach gach bliain. Nuair a chláraithear é, eisthear deimhniú don árachóir síainte, lena ndeimhntear gur féidir leis an árachóir árachas síainte príobháideach a thairiscint i gcomhréir le téarmaí na rialacha dá chuid agus ar aon dul leis an reachtáilocht ábhartha.

Tá dhá chineál de ghnóthas árachais síainte ann in Éirinn. Is árachóir síainte iad Gnóthas Bailiríochta Oscailte nach mór dóibh cusstaimeirí a ghlacadh ar mian leo árachas síainte príobháideach a fháil (faoi réir ag srianta teoranta áirithe de réir mar atá sonraíte sa reachtáilocht). Is gairmscéimeanna iad Gnóthas Bailiríochta Teoranta den mhórchuid, a bhfuil a mballraíocht teoranta do fostaíthe eagraíochtaí áirithe. Ní féidir aon Gnóthas Bailiríochta Teoranta nua a bhunú.

3.16 Clár na gConarthar Arachais Síainte

Tá an tUdarás freagrach as “Clár na gConarthar Arachais Síainte” a choimeád. Tá sé luaithe in Ait 7AC den Acht Arachais Síainte 1994 go mbeidh an Clár ina leithéid d’fhoirm agus go mbeidh a leithéid de shonraí ann a bhaineann le cineál conartha árachais síainte ar bith atá ar thairiscint sa Stát de réir mar a shonraíonn an tUdarás. Tá ábhair an Chláir ar fáil le hiníúchadh ar láithreán gréasáin an Udarás ag: <http://www.hia.ie/consumer-information/registar-of-health-insurance-contracts> nó ag oifig an Udarás.

Táirgí a Fhógairt

Eilítear ar ghnóthas chláraithe samplaí a chur isteach de gach conradh nua nó athbhreithnithe chug an Udarás tráth nach déanaí ná 30 lá roimh táirge dá leithéid a thairiscint. Déanfaidh gnóthas gach tairiscint a choimeád le haghaidh tráth nach lu ná 60 lá ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna agus ní mór an táirge a thairiscint le haghaidh thréimhse 12 mhí mura bhfuil cúis imleor mhath ann le haghaidh thréimhse éagsúil.

Chuir árachóirí 1,339 sampla de chonarthar nua/athbhreithnithe isteach chug an Udarás n 2019 (2018: 1,149).

Athbhreithniú ar Fhógraí um Tháirgí maidir le Comhlíontacht

Athbhreithniú an tUdarás sonraí na bhfógraí um tháirgí uile d’fhonn a áirithiú nach bhfuil siad in aghaidh na nAchtanna Arachais Síainte. Nuair a bhíonn imní ar an Udarás maidir le conradh, diríonn sé aird an árachóra ar ghnéithe an chonartha a d’fhéadfadh an reachtáilocht a sháru agus pleann sé an t-ábhar leis an árachóir. Ar gach ócáid dá leithéid thug an t-árachóir faoi imní an Udarás tríd an gconradh a leasu nó trí mhíniú imleor a thabhairt maidir le conas a chomhlíontar an reachtáilocht leis an gconradh.

éilimh réamh-mheasta sa mhargadh nó comhionann leis sin. Socraíodh an tobhach um pobalrú ag an méid a bhí réamh-mheasta chun na creidimheasanna a chistiú agus an tobhach maidir le pleananna Gan Chumhdach Breise

Na Rátaí um Chomhionannú Riosca Infhéidhme ón 1 Aibreán 2020

Le linn 2019, fuair an tUdarás tuairiscéil faisnéise don dara leath de 2018 agus don chéad leath de 2019 ó gach ceann de na gnóthais Bailiríochta Ocsaile. Cuirtear tuarascálacha maidir leis na measuinithe agus anailís ar na tuairiscéil sin faoi bhraid an Aire i Mbealtaine agus i Meán Fómhair 2019. San áireamh le Tuarascáil Mheán Fómhair 2019 bhí moltaí ón Udarás maidir le méideanna na gCreidimheasanna um Chomhionannú Riosca agus na Tobhach um Pobalrú, maidir le polasaithe a thosáil ón 1 Aibreán 2020.

Tugadh éifeacht do na rátaí is infhéidhme ón 1 Aibreán 2020 san Acht Arachais Sláinte (Leasú) 2019 agus tá siad leagtha amach in Aguisín E. Socraítear na creidimheasanna sin ionas go mbeadh costas an mhéid-éilimh réamh-mheasta sa mhargadh (an glanriosca de chomhionannú) maidir le gach aoisghrúpa d'aois 65-69 agus níos sine níos lu ná 130% de chostas an mhéid-éilimh réamh-mheasta sa mhargadh nó comhionann leis sin.

Socraíodh an tobhach um pobalrú ag an méid a bhí réamh-mheasta chun na creidimheasanna a chistiú agus an tobhach maidir le pleananna Gan Chumhdach Breise comhionann le 35% den ráta a bhí infhéidhme maidir le pleananna le Cumhdach Breise.

Measúnú ar Róchúiteamh

Eilítear ar an Udarás freisin chun a mheasúnú cé acu an ndéantar nó nach ndéantar aon árachóir a róchúiteamh leis an Scéim um Chomhionannú Riosca.

- Uair sa bhliain, faoin 1 Bealtaine, eilítear ar árachóirí cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomharadaithe a sholáthar don Udarás don bhliain roimhe sa mhéid agus a bhaineann siad le gnó arachais sláinte na hÉireann;

- Déann an tUdarás measúnú maidir le cé acu an ndéarnadh nó nach ndéarnadh aon árachóir a róchúiteamh leis an scéim um chomhionannú riosca, lena gcuimarsíodh iad níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Tá an measúnú maidir le cé acu an raibh nó nach raibh róchúiteamh ina thoradh ar Scéim um Chomhionannú Riosca 2016 - 2020 bunaithe ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Fáiltais ar Dhíolacháin roimh atharachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta san áireamh níos mó ná 4.4% in aghaidh na bliana, arna riomh ar bhonn rothlach thrí bliana. Má chinneann an tUdarás faoi na hAchtanna Arachais Sláinte go ndéarnadh árachóir (atá ina thairbhí glan den scéim um chomhionannú riosca) a róchúiteamh, eiseoidh an tUdarás dreacht-thuarascáil don árachóir. Ansin tabharfaidh an tUdarás aon aighneachtaí arna bhfaoi ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh maidir le róchúiteamh; agus

- Má chinneann an tUdarás go ndéarnadh róchúiteamh, eisióin sé tuarascáil don Aire agus don árachóir lena mbaineann agus méid an róchúitímh á lua. Ansin ní mór don árachóir méid an róchúitímh a aisíoc leis an REF.

- Rinneadh an chéad tástáil dá leithéid maidir le róchúiteamh in 2019 le haghaidh na tréimse 2016 - 2018 agus an tréimhse sin san áireamh. Rinne an tUdarás an fhaisnéis a cuirtear ar fáil dó a mheasúnú agus a anailísíú agus chinn sé nach ndéarnadh an tairbhí glan a róchúiteamh mar thoradh ar an scéim um chomhionannú riosca i dtaca leis an tréimhse 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2018.

- Rinneadh tuarascáil maidir le róchúiteamh a ullmhú agus a chomhroinnt leis an Aire agus foilsíodh í ar láithreán gréasáin HIA.

- Déanfar an chéad mheasúnú eile in 2020 don tréimhse 2017-2019 agus an tréimhse sin san áireamh,

3.14 An Ciste um Chomhionannú Riosca

Bunaíodh an Ciste um Chomhionannú Riosca ("REF") in 2013 faoin Acht Arachais Sláinte (Leasú) 2012. Faoin Acht sin, tá an tUdarás freagrach as an REF a riar agus a choimeád.

Tugadh Rialacháin 2013 an Achta Arachais Sláinte (An Scéim um Chomhionannú Riosca) 1994 isteach i Feabhra 2013. Leis na Rialacháin sin leagtar amach na struchtúir le haghaidh éilimh ar chreidimheasanna um chomhionannú riosca a chur isteach ag gnóthais chláraithe chug an Udarás agus bailíochtu na n-éilíamh sin ag an Udarás. Cuirtear éilimh eatarbhacha isteach faoin 21 u lá den mhí go díreach tar éis na míosa lena mbaineann an t-éilíamh eatarbhach. A

• loctar creidmheasanna um chomhionannú riosca ón gCiste um Chomhionannú Riosca ("REF") arna oibriú ag an Udarás.

• Athrú na creidmheasanna um chomhionannú riosca atá iníoctha maidir le préimheanna ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdáigh. D'fhonn iomaíocht a chosaint, socraítear na creidmheasanna ionas nach bhfuiltear ag súil go laghdófar na meán-éilimh ghilana réamh-mheasta d'aoisghrúpa ar bith a fhaigheann creidmheasanna a bhaineann le haois níos lu ná 125% de chostas mheán-éilimh ghilana réamh-mheasta an mhargaidh.

• Tá creidmheasanna um chomhionannú riosca iníoctha freisin maidir le héilimh ospidéal. Go sonrach, tá méid seasta iníoctha ón REF maidir le gach tréimse thar oíche nó lae a chaitheann duine faoi árachas i gcóiríocht in ospidéal príobháideach nó in ospidéal atá cistithe go poiblí nuair a bhíonn muiréar iníoctha faoi Ait 55 den Acht Arachais Sláinte 1970 maidir lena leithéid de thréimhse. Laghdáitear an costas don árachóir leis sin maidir le daoine nach bhfuil chomh sláintúil a chur faoi árachas.

• Forchúitonn an REF costas na gcreidmheasanna trí thobhach um pobalrú a athrú (Cumhdach Breise agus Gan Chumhdach Breise).
• Iocann árachóirí focalóchtaí an tobhach um pobalrú leis na Coimisinéirí Ioncaim a aistríonn ina seal féin an t-airgead chuing an REF. Iocann an tUdarás na creidmheasanna um chomhionannú riosca leis na hárachóirí as an REF. Tugtar barrachais nó easnaimh ar bith san REF ar aghaidh agus cuirtear san áireamh iad maidir le méideanna an tobhach sa todhcha a shocrú.

Leagtar na próis amach san Acht Arachais Sláinte maidir le creidmheasanna um chomhionannú riosca a shocrú:

• Déann an tUdarás athbhreithniú agus measúnú ar shonraí maidir le héilimh agus ar shonraí eile i dtaca leis an daonra faoi árachas a bhíonn san áireamh le tuairiscéin ó na hárachóirí.
• Eisiúint an tUdarás tuarascáil don Aire dhá uair sa bhliain maidir leis an athbhreithniú agus an measúnú da chuid ar na tuairiscéin sin. San áireamh leis an dara tuarascáil bíonn moltaí maidir le méideanna na gcreidmheasanna um chomhionannú riosca agus méideanna na dtobhach um pobalrú. Bíonn aird sna moltaí ar phríomhchuspóir na hAchtanna Arachais Sláinte, is é sin róchúiteamh a sheachaint, inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a choimeád agus iomaíocht chóir agus oscailte a choinneáil.

• Más mian leis an Aire na creidmheasanna um chomhionannú riosca a athrú, baintear sin amach trí leasuithe leis na hAchtanna Arachais Sláinte a mhóladh, mar a dhéantar méideanna na gcreidmheasanna a shonrú.
• D'fhéadfadh an tAire, agus aird a tabhairt aige don phríomhchuspóir, is é sin róchúiteamh a sheachaint, inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a choimeád agus iomaíocht chóir agus oscailte a choinneáil, moltaí a dhéanamh don Aire Airgeadais maidir le méideanna na dtobhach um pobalrú, dá ndéantar fóráil sna hAchtanna Comhdhlúite Dieachtanna Stampa.

• éantar dlí de mhéideanna na gcreidmheasanna um chomhionannú riosca agus na dtobhach um pobalrú má aachtá ion an tOireachtas iad.

Na Rátaí um Chomhionannú Riosca a bhí Iníoctha in 2019

Tá rátaí na gcreidmheasanna um chomhionannú riosca agus an tobhach um pobalrú a bhí iníoctha maidir le conartháil a thosaigh agus a bhí á n-athnuachan in 2019 leagtha amach in Aguisín E.

Maidir le conartháil a scríobhadh idir an 1 Aibreán 2018 agus an 31 Márta 2019, socraítear na creidmheasanna um chomhionannú riosca ionas go mbeadh costas an mheán-éilimh réamh-mheasta sa mhargadh (an glanriosca de chomhionannú) maidir le gach aoisghrúpa d'aois 65-69 agus níos sine nó ná 130% de chostas an mheán-éilimh réamh-mheasta sa mhargadh nó chomhionann leis sin. Socraíodh an tobhach um pobalrú ag an méid a bhí réamh-mheasta chun na creidmheasanna a chistiú agus an tobhach maidir le pleananna le Cumhdach Breise. comhionann le 40% den ráta a bhí iníoctha maidir le pleananna le Cumhdach Breise.

Maidir le polasaithe a thosaigh idir an 1 Aibreán 2019 agus an 31 Márta 2020, socraítear na creidmheasanna um chomhionannú riosca ionas go mbeadh costas na meán-éilimh réamh-mheasta sa mhargadh (an glanriosca de chomhionannú) maidir le gach aoisghrúpa d'aois 65-69 agus níos sine nó ná 130% de chostas an mheán-

D'iarrr Chubb cead achomhairc maidir le breithiúnas na hArd-Chúirte ag súil na hArd-Chúirte an 18 Nollaig 2018. Níor Chuir HIA i gcoinne iarratas Chubb ar chead achomhairc ach rinne sé an argóint nár cheart cead achomhairc a dheonú ach amháin maidir le ceisteanna díl arna saináithint san Ordu lena ndeonaitear an cead achomhairc.

Chuir HIA an imní in iúl gur chruithaigh na himeachtaí leanúnacha sin neamhchinnteacht nach beag sa mhargadh árachais sláinte agus go raibh an poitéinséal ag baint leo chun bunnáiste éagórach shuntasach a bhronnadh ar Chubb thar rannpháirtithe eile sa mhargadh. D'iarrr sé freisin go gcuirfí dílus le héisteacht an achomhairc. D'fhorchóimeáid an Breitheamh Burns a breithiúnas go dtí an 11 Eanáir 2019.

An 11 Eanáir 2019 dheonaigh an Breitheamh Burns cead achomhairc do Chubb maidir le ceisteanna díl uille ! mbreithiúnas na hArd-Chúirte chuig an gCúirt Achomhairc. Cuirtear an cás faoi bhráid na Cúirte Achomhairc ! Nollaig 2019 agus d'éist an Breitheamh Ónórach Power, an Breitheamh Ónórach Whelan agus an Breitheamh Ónórach Murray leis an gcás. Forchóimeáid breithiúnas go dtí an athbhliain. An 8 Aibreán 2020 seachadadh an breithiúnas agus cinneadh go bhfuil gnáthchónaí ar mhíoc léinn a bhíonn ag freastal ar chúrsa staidéir a mhairseann níos mó ná bliain acadúil amháin. Tá an tUdarás ag dul trí impleachtaí an bhreithiúnais sin.

Tugadh Pobalrú Saoil isteach sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn an 1 Bealtaine 2015. Tar éis iarratas a fháil ón Aire Sláinte, rinne an tUdarás athbhreithniú ar Phobalrú Saoil in 2017. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh roinnt leasuithe ! Meitheamh 2018 leis an reachtáilocht lena rialáitear Pobalrú Saoil a tugadh isteach in Ionstraim Reachtuilí Uimhir 224 de 2018. Ba iad na príomhathruithe mar a leanas:

- Tugtar creidimheas do bhaill na bhFórsaí Cosanta Buana agus do bhaill Chomhscéim Árachais Breoiteachta an Aontais Eorpáigh as a dtreimhsí ballraíochta ar an gcoinníoll go n-éiríonn an duine ina dhúine nach bhfuil faoi árachas an 1 Meán Fómhair 2018, nó tar éis an dáta sin, agus laistigh de naoi mí ó dheireadh a chur lena bhallraíocht.

- Tugtar creidimheas do dhaoine a bhí ina gcónaí laistigh den Stát an 1 Bealtaine 2015 agus a bhog ina dhiaidh sin chun cónaí lasmúigh d'Éirinn an 1 Samhain 2018, nó tar éis an dáta sin, as an treimhse nuair a chónaigh siad lasmúigh d'Éirinn, ar an gcoinníoll go gceannairc siad árachas sláinte príobháidíeach d'othair chónaitheacha laistigh de naoi mí óna bhfillleadh go hÉirinn.

- Tugtar creidimheas do dhaoine a chealaigh a gcuid árachais le haghaidh sé mhí nó níos faide, agus iad faoi árachas le haghaidh trí bliana ar laghad roimhe sin. Tabharfar creidimheas dóibh as treimhse ar bith nach raibh siad faoi árachas a thosaigh an 1 Feabhra 2019 nó tar éis an dáta sin. Tá treimhse an chreidimheasa teoranta do thrí bliana.

Leibhéal an Chumhdáigh

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, chinneann an tUdarás na cineálacha conartháí árachais sláinte atá ina gconartháí nach mbaineann Cumhdach Breise leo, agus lena mbaineann na leibhéal níos ísle de chreidimheasanna um chomhionannú riosca agus de thobhaigh pobalrátaithe. Eilítear leis an sainmhíniú ar chonradh nach mbaineann Cumhdach Breise leis go ndéantar fóil sa chonradh do mhéid nach mó ná 66% de chostas iomláin na muirtear ospidéal in ospidéal príobháidíeach nó do mhéid nach mó ná na hicoilíochtaí fosta forordaithe faoi na rialacháin um Shochair fosta, cibé acu is mó. Má bhíonn an tUdarás sásta go bhfuil cineál conartháí ina chonradh nach mbaineann Cumhdach Breise leis, sonraíonn sé é sin sna Rialacháin agus ar Chláir na gConartháí Árachais Sláinte. Le linn 2019, bhí an tUdarás sásta go raibh dhá phlean nua ina gconartháí nár bhain Cumhdach Breise leo agus mar thoradh air sin rinneadh ionstraim reachtuilí a fhógairt i Iúil 2019.

An 1 Eanáir 2020 bhí 31 cineál de chonartháí árachais sláinte ann a bhí sonraithe mar chonartháí nár bhain Cumhdach Breise leo ag an tUdarás, i gcomparáid le 31 an 1 Eanáir 2019. Tá cineál amháin ar a laghad de chonradh nach mbaineann Cumhdach Breise leis ag gach ceann de na Gnóthais Ballraíochta Oscailte. An 1 Eanáir 2020 bhí 274 cineál de chonartháí árachais sláinte lena mbaineann Cumhdach Breise, i gcomparáid le 302 an 1 Eanáir 2019.

3.1.3 Scéim um Chomhionannú Riosca na hÉirean

Scéim um Chomhionannú Riosca 2016 - 2020

Cuirtear Scéim um Chomhionannú Riosca 2016 - 2020 in iúl don Choimisiún Eorpach mar Státchabhair a bhí comhoiriúnach leis an margadh imhébhanach. I Feabhra 2016 dúirt an Coimisiún Eorpach nach raibh sé ag cur i gcoinne na scéime cabhrach fógartha sin.

Sé a leanas phríomghnéithe na Scéime um Chomhionannú Riosca:

3.1 Rialáil

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála um árachas sláinte príobháideach in Éirinn bunaithe ar na príomhphrionsabail de phobalrú, de rollu oscailte, de chumhdach saoil agus de shochair fosta. Tá sé mar aidhm aige chun a chinntiú nach gcosonann árachas sláinte níos mó dóibh síd is mó gá. Is córas neamhchístithe é, agus ciallaimn sé sin nach ndéantar aon chiste a fhorbairt thar shaol an duine faoi árachas chun costais na n-éileamh lena bhfuiltear ag súil a chumhdach. Ina ionad sin, cuirtear gach árachóir an t-airgead a flocann daoine faoi árachas i dtoll a chéile agus tóghtar costas na n-éileamh in aon bhliain airithe ón gciste sin.

Is é sa chomhthéacs sin nach mór an coincheap de phobalrú a thuisct. Ciallaimn sé sin nach bhfuil aon éifeacht ag leibhéal an riosca a churthaítear ag tomhaltóir airithe don árachóir ar an bpréimh a flochtar. I bhfocail eile, gearrtaí an phréimh chéanna ar gach duine le haghaidh pleán airithe, beag beann ar aois, ar inscne nó ar staid reatha a sláinte nó ar staid dhócuil a sláinte sa todhcha, faoi réir ag eisceachtal maidir le leanal faoi aois 18 mbliana, lascaim do bhail i ngrúpséimeanna, aosaigh óga agus ualuithe pobalrú saoil.

Ciallaimn rollu oscailte agus cumhdach saoil, seachas in imthosca thar a bheith teoranta atá sonrath sa reachtáilocht, nach mór d'árachóir árachais sláinte iarratasóirí uile ar árachas sláinte a ghlacadh agus rátháitear an ceart do thomhaltóirí uile ar athnuachan a bpolasaithe beag beann ar a n-aois nó ar staid a sláinte.

Faoi na Rialacháin um Shochair fosta, ní mór íosléibhéal airithe de shochair a sholáthar le táirgí árachais uile lena soláthraítear cumhdach do chóireáil dóthair chónaitheacha in ospidéal. Meastar go bhfuil sé ríachtanach íosléibhéal na sochar a rialáil mar gheall ar nádúr casta agus speisialta na dtáirgí árachais sláinte phríobháidigh, mar gan rialáil, d'fhéadfaid sé bheith ina thoradh air sin go soláthraítear táirgí do thomhaltóirí nach soláthraítear leibhéal cumhdach leo atá cuimsitheach go leor.

Is próiseas é comhionannú riosca atá dirithe ar thabhairt faoi dhifríochtaí i gcostais éileamh na n-árachóir a bhíonn ina dtoradh ar athruithe i stádas sláinte a mball. Is é atá i gceist le comhionannú riosca íocaíochtaí d'árachóirí nó uathu a bhaineann le próifíl riosca a mballraíochta. Is córas coitianta é comhionannú riosca i dtíortha ina bhfuil árachas sláinte pobalrú.

3.1.2 Forbairt Rialála in 2019

Achtúodh an Acht Arachais Síainte (Leasú) 2019 i Nollaig 2019. Rinneadh an Acht Arachais Síainte 1994 a leasú leis mar a leanas:

- Chun méid na bpréimheanna a shonrú a bheidh le hóc as an gciste um Chomhionannú Riosca maidir le haicmi áirithe daoine faoi árachas ón 1 Aibreán 2020
- Chun leasú a dhéanamh mar gheall air sin ar an Acht Comhdhúite Dleachtanna Stampa 1999; agus
- Chun foráil a dhéanamh do ghnóthaí gaolmhara.

Eilítear ar árachóirí a dhíolann conarthaí árachais sláinte do dhaoina a bhíonn "a bhfuil gnáthchónal orthu sa Stát" a bheith cláraithe leis an Údarás agus chun forálacha na Achtanna Árachais Síainte a chomhlíonadh. Chinn an Údarás go gciallaimn "gnáthchónal sa Stát" maidir le mic léinn nach bhfuil ón Límistéar Eorpach Eacnamaíoch go bhfuil siad ag freastal ar chúrsa staidéir a mhairseann níos mó ná bliain acadúil amháin. Scríobh an Údarás chúig roinnt árachóirí in 2016 a rabh a leithéid de chonarthaí á ndíol acu (nó a bhí ag smaoinéamh faoina ndíol) agus an cinneadh sin á chur in iúl dóibh. Níor ghlac Chubb European Group Limited leis an gcinneadh sin agus mar thoradh air sin sheirbhéail an Údarás Fógra Fortheidhmithe air i Márta 2017.

D'eisigh Chubb European Group Limited dhá shraith d'imeachtaí an 4 Bealtaine 2017 san Ard-Chúirt maidir leis an bhFógra Fortheidhmithe. D'fhéach siad Ordu chun an Fógra Fortheidhmithe a chur ar neamhní mar aon le hOrdu chun cinneadh an téarma "gnáthchónal sa Stát" de chuid an Údaráis a chur ar neamhní freisin maidir le mic léinn neamh-LEE.

Sheachaid an Breitheamh Tara Burns a breithiúnas sna himeachtaí achomhairc reachtúil agus sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaithe araon an 22 Deireadh Fómhair 2018. Sa dá chás dhíuláitigh sí na hargóintí a rinne Chubb agus dhíuláitigh sí an faoiseamh a dheonú a dtarr Chubb. D'aontaigh sí le léirmhíniú agus le cinneadh an Údaráis gur chiallaigh "gnáthchónal sa Stát" maidir le mic léinn nach rabh ón Límistéar Eorpach Eacnamaíoch go rabh siad ag freastal ar chúrsa staidéir a mhairseann níos mó ná bliain acadúil amháin.

- Feidhmeanna áirithe a chur chun feidhme maidir le díleacht stampála árachais sláinte agus creidmheasanna um chomhionannú riosca i dtaca leis an scéim um chomhionannú riosca;
- Cibé beart a dhéanamh a mheasann sé iomchuí d'fhonn feasacht an phobail a mhéadú ar a gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus ar sheirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- Chun "Clár na nGóthas Sochar Sláinte" ("an Clár") agus "Clár na gConarthai Arachais Sláinte" a choimeád.

Feidhmeoidh an tUdarás a leithéid de chumhachtaí agus atá ríachtanach le haghaidh an fheidhm dá chuid a chur chun feidhme. D'fhéadfadh an tAire freagrachtaí breise a shannadh don Udarás de réir mar a fhoráiltear sna hAchtanna Arachais Sláinte.

Bunaíodh an tUdarás le hOrd an Aire an 1 Feabhra, 2001, faoin Acht Arachais Sláinte, 1994 agus oibríonn se i gcomhréir le forálacha an Achta sin agus na hAchtanna Arachais Sláinte (Leasuithe) (“na hAchtanna Arachais Sláinte” le cèile).¹

Leis na hAchtanna Arachais Sláinte déantar foráil do rialáil ghnó an arachais sláinte phríobháidigh in Éirinn tar éis achú “Threoir um Arachas Neamhsaoil” de chuid an Aontais Eorpaigh. Sa Treoir sin leagtar amach ríachtanais an mhargaidh imhéanigh do Bhallstáit aonair na ríachtanais shainiúla a ghlacadh ar an mbealach is iomchuí dá reachtaíocht Eorpach sin ligtear do Bhallstáit aonair na ríachtanais shainiúla a ghlacadh ar an mbealach is iomchuí dá gcóras dlí náisiúnta áirithe agus dá gcóras cúram sláinte náisiúnta.

Tá Príomhchuspóir na hAchtanna Arachais Sláinte leagtha amach sa reachtaíocht mar a leanas:

“Is é príomhchuspóir an Achta seo chun a áiritíú, chun leasa an phobail agus ar fud an mhargaidh arachais sláinte, go mbíonn rochtain ar chumhdach arachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísi sláinte gan aon idirdhealú a dhéanamh eatarthu (is cuma má dhéantar é sin trí chreidimheasanna um comhionannú riosca nó trí bhearta dleacht stampála nó trí bhearta eile, nó trí aon chomhcheangal díobh sin), go háirithe maidir le costais seirbhísi sláinte, bunaithe ina n-íomláine nó i bpáirt ar stádas an riosca do shláinte, ar aois nó ar inscne aon thomhaltóirí dá leithéid nó aon aicme de thomhaltóirí dá leithéid, nó ar mhínicíocht sholáthar na seirbhísi sláinte dóibh, agus an méid a leanas á thabhairt san áireamh go háirithe chun críocha an chuspóra sin:

- a) is amhlaidh go méadaithe ríachtanais thomhaltóirí na seirbhísi sláinte de réir mar a mheathlaíonn a sláinte, agus de réir mar théann siad in aois agus de réir mar a thagann an tseanaois orthu freisin
- b) an imhianaitheacht chun a áiritíú, chun leasa dlíthpháirtíocht na sochaí agus idirghlúine, agus beag beann ar stádas riosca sláinte nó ar aois aon ghlúine ar léith (nó cuid di), nó ar mhínicíocht sholáthar na seirbhísi sláinte di, go gcomhroinntear ualach chostais na seirbhísi sláinte ag daoine faoi arachas trí fhóráil a dhéanamh d’fhoirdheontas costais idir daoine is mó sláinte agus daoine is lú sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltaocht an chuspóra sin, go háirithe go mbíonn rochtain ag daoine is lú sláinte, agus daoine aosta san áireamh, ar chumhdach arachais sláinte trí bhithin creidimheasanna um chomhionannú riosca;
- c) an dóigh a n-oibríonn an margadh arachais sláinte maidir le conarthaí arachais sláinte, i dtaca le gnóthais chláraithe aonair agus ar fud an mhargaidh araon; agus
- d) an tabhacht a bhaineann le gnóthais chláráithe (arachóirí sláinte) a dhispreagadh as bheith rannpháirteach i gcleachtais, nó as conarthaí arachais sláinte a thairiscint, trí dheighnílit an mhargaidh arachais sláinte (trí mheáin ar bith) nó ar bhealach eile, a bhfuil mar chuspóir nó éifeacht acu bheith i bhfách le soláthar cumhdach ag na gnóthais ar an riosca arachais sláinte de dhaoine is mó sláinte, lena n-áirítear daoine óga, thar chumhdach an riosca arachais sláinte de dhaoine is lú sláinte, lena n-áirítear seandaoine;

Ciallaíonn pobalrú bearta, ina n-íomláine nó i bpáirt, atá infheidhme maidir le baint amach an phríomhchuspóra.

Seo a leanas príomhfhidhmeanna an Udarais:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh arachais sláinte agus comhairle a sholáthar don Aire (ar iarratas uaidh/uaithe nó ar a chonlán féin) maidir le gnóthaí a bhaineann le hárachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar oibríú na hAchtanna Arachais Sláinte agus, nuair is iomchuí, fógraí forfheidhmithe a eisíúint d’fhonn comhlíonadh na hAchtanna a fhorfheidhmiú;

¹ The Health Insurance Act, 1994 (Establishment Day) Order, 2001 (S.I. No. 40 of 2001).

An tUasalCorinna Nolan
Ceann Airgeadais

Is baill í Corinna de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'Institiúid Arachais na hÉireann arson. Sula ndeachaigh sí leis an Údarás, d'oibrigh an tUasal Nolan laistigh de Rannóg Maoirseachta Arachais Bhanc Ceannais na hÉireann, agus bhí ról aici roimhe sin maidir le hiníúchadh ar sheirbhísí airgeadais le Deloitte. Shuinn an tUasal Nolan mar lontaobhaí ar Bhord carthanais cláraithe freisin.




Tá oifigí an Údarás Arachais Sláinte suite ag:
Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6, D06 FC93.
Glao áitiúil: 1850 929 166
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Rphost: info@hia.ie
Láithreán gréasáin: www.hia.ie



An Lucht Bainistíochta

Seo a leanas Lucht Bainistíochta an Udarás:

Baill agus Lucht Bainistíochta an Udaráistement



An tUasal Don Gallagher
Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Tá MSC ag Don i mBainistíocht ó Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Príomhfheidhmeannach idirnáisiúnta é ag a bhfuil seantáthí agus a bhainistigh agus a shuigh ar Bhord de chuid cuideachtaí árachais agus bainistíochta rachmais idirnáisiúnta. Is Stiúrthóir Cairte é Don le hinstitiúid Stiúrthóirí RA. Le déanaí bhí an tUasal Gallagher ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le fochuideachta Eorpach de chuid príomhárachóirí saoil domhanda. Roimhe sin, bhí an tUasal Gallagher ina Leas-Uachtarán Sínearach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta le príomhárachóirí saoil Ceanadach in Éirinn agus i gCeanada arson. Ceapadh an tUasal Gallagher do Chomhairle Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais i Eanáir 2017.



An tUasal Maeve Kearns
Céann Gníothaí Corparáideacha/Rúnaí leis an Udarás

Tá Céim Baitisiléara Tráchtála ag Maeve ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus is Comhartaí de Chuntaisóirí Cairte Éireann. Sula ndeachaigh sí leis an Udarás, bhí sí ról airgeadais éagsúla ag an Uasal Kearns laistigh de chomhlachtaí poiblí eile mar aon le ról i mbainistíocht le príomhbhanc infheistíochta.



An tUasal Brendan Lynch
Céann Taighde/Seirbhísí Teicniúla

Is eacnamaí é Brendan agus is dlíodóir cáilithe é freisin. Tá céim Mástir aige in Eacnamaíocht mar aon le Diplóma i nDlí na hEorpa. D'oibrigh sé mar shainchomhairleoir eacnamaíochta, mar eacnamaí stochbhróicéireachta agus mar chomhairleoir eacnamaíochta don Aire Airgeadais.



An tUasal Joanne George
Céann Seirbhísí Rialála

Tá Baitisleirí i Staidéir Achtúireacha agus Airgeadais ag Joanne agus is Comhartaí de Chumann na hAchtúirí in Éirinn. Sula ndeachaigh sí leis an Udarás, d'oibrigh sí do chuideachta bainistíochta riosca, bróicéireachta árachais agus chomhairleach ilnáisiúnta.

Caroline Barlow – Ceaptha an 24 Meitheamh 2019



Is Comhata i Caroline de Chumann na Nachúirí in Éirinn agus tá níos mó ná 34 bliana de tháithí aici ar raon leathan de rólí árachais ghinearálta ar leibhéal na RA agus ar leibhéal Eorpach araon. Tá MA sa Mhatamaitic aici ó Ollscoil Cambridge.

Mar Cheann na Feidhme Achtúirí le Zurich Insurance plc go dtí go ndeachaigh sí ar scor in 2018, bhí Caroline freagrach as na ríachtanais rialachais a chomhlíonadh a bhain leis an bhfeidhm achtúireach, lena áiríodh tuairim achtúireach bhliantúil agus tuarascáil achtúireach bhliantúil maidir le láidreacht na gclúichistí. D'oibrigh sé go dlúth freisin leis na Feidhmeanna Riosca agus Airgeadas d'fhonn an tSamhail Chaitéil Imhábhanach a fhorbairt agus chun an caipiteal sócmhainneachta ríachtanach a mheas.

Mar thoradh ar a gairme, tá tuiscint dhomhan ag Caroline ar ghnó an árachais agus ar na rioscaí agus neamhchinnteachtaí a bhaineann leis, agus tá eolas fóna aici ar airgeadas árachais. Tríd an táithí dá cuid ar bheith ag obair le cuidreachta árachais dhomhanda tá tuiscint aici ar an ngá le rialachas láidir, le maoiníteoireacht neamhspleách agus le dúshlán cuidítheach nuair is íomchuí.

Marcella Flood – Ceaptha an 5 Iúil 2019



Is ceannaire gnó i Marcella a bhfuil neart táithí aici, atá an-ghrinn i gcuras tráchtála, agus í ag obair ar leibhéal Stúirthóra/ Fhoireann na gCeannairí le níos mó ná deich mbliana. Tá táithí fhairsing aici ar oibríochtaí agus straitéisí teicneolaíochta a shainníú agus a spreagadh lena soláthraithe ar luach do scairshealbhóirí. Bhí sí i gceannas ar chláir athraithe shuntasacha laistigh de chorparáidí domhanda agus i ngnólaichtaí nuathionscanta iolracha freisin. Is gníomhaí ar son athraithe san fhiontraíocht i Marcella a bhfuil dúshlúim aici i bhforbairt daoine agus i bhfoirne ardheithmíochta a chruthú.

Faoi láthair tá Marcella ina Ceann ar Thrasfhoirmiú Dhigiteach le Allianz Care, atá a bhfuil sí freagrach as an bhfís agus straitéis dhigiteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Allianz Care ar fud an domhain. Áirítear leis na rólí a bhí aici roimhe seo Stúirthóir, Oibríochtaí OEM ag Microsoft. Is Stúirthóir Cairte i Marcella le hinstitiúid Stúirthóirí RA, agus tá MBA aici ó Choláiste Smurfit, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Michael A O Sullivan – Ceaptha an 24 Meitheamh 2019



Is iar-chathaoiríoch é Michael ar Bhord Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus bhí sé ar bhord Ghrupa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt freisin. Is innealtóir Sibhialta agus Cuntasóir Bainistíochta Cairte é agus tá MBA aige ó Choláiste Ollscoile Chorcaigh.

Tá táithí shuntasach aige mar stúirthóir feidhmíocháin ar bhoird i ról éagsúla lena n-áirítear airgeadas, pleanáil gnó agus mar cheann ar ghnólaicht lionraí fónais rialaithe. Sula ndeachaigh sé ar scor bhí Michael ina Stúirthóir Tráchtála Grúpa do Bhord Gáis Éireann atá a ról bh freagracht mar stúirthóir feidhmíocháin aige as rialáil, as pleanáil straitéisíoch agus as curas dlíthiúla/ corparáideacha. I measc na bhfreagrachtaí feidhmíocháin dá chuid bhí sé i gceannas ar an tionscadal um Oscailt an Mhargaidh nuair a bhí sé ag obair le rialáil na hearnála agus leis an tionscal chun rialacha a shainníú le haghaidh margadh gáis iomaíoch a bhunú agus a oibriú in Éirinn.

Tá táithí shuntasach aige ar idirghníomhu le ranna rialtais agus le rialáitithe i bProbácht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus san Aontas Eorpach. Faoi láthair tá Michael ag obair i roinnt rólí neamhfheidhmíocháin ar bhoird lena n-áirítear Firmus Energy atá faoi uinéireacht phróbháideach i dTuaisceart Éireann, atá a bhfuil sé ina gcathaoiríoch freisin ar an gColáiste Iníochóireachta agus Riosca agus tá sé ina chathaoiríoch freisin ar Scéim Pínsín le Sochar Sainithe Ervia.

John Armstrong – Ceaptha an 5 Iúil 2019



Is achúire sínearach agus eacnamaí sláinte é John. Rinne sé a chuid staidéar focheime i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus rinne sé a chuid staidéar iarchéime ag Ollscoil Georgetown, Washington DC. Tá taighde fairisng déanta aige ar an oiread ábhar um athchóiriú árachais sláinte agus tá naisc taighde agus teagaisc ghníomhacha aige le hOllscoil Erasmus i Rotterdam, san Istitiú, agus leis an bhForas Riaracháin, Baile Átha Cliath araon.

Tá níos mó ná 25 bliana de tháithí aige ar obair sa tionscal árachais sláinte. Ina theannta sin, tá comhairle tuighta aige do níos mó ná 20 tír maidir le hábhair um athchóiriú maoinithe sláinte i gcodanna éagsúla den domhan, lena n-áirítear athchóiriú na n-earnálacha árachais sláinte dá gcuid.

James A. McNamara – An tréimhse oifige dá chuid curtha i gcrích an 25 Eanáir, 2019.
Ian Britchfield – An tréimhse oifige dá chuid curtha i gcrích an 20 Bealtaine, 2019.

2 Comhaltas agus Lucht Bainistíochta an Udarais

Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte (“an Aire”) Comhaltai an Udarais le haghaidh téarmaí de suas le cúig bliana. Is iad na Comhaltai den Udaras:



Ms. Sheelagh Malin (Cathaoirleach) – Ceaptha an 6 Bealtaine, 2010, Athcheaptha an 1 Feabhra, 2016
Is Comhaltai i Sheelagh de Chumann na Nachtuirí in Éirinn. Tá níos mó ná 25 bliana de thábhí ar bhainistíocht sa tionscal árachais saoil aici, lena n-áirítear mar Stiúrthóir Bainistíochta, Stiúrthóir Airgeadais, Oifigeach Comhlíonachta, agus i ról i bhforbairt táirgí agus margáil. Tá sí ina Stiúrthóir Neamhneamhúcháin ar roinnt bord de chuideachtaí árachais.



Dr. Fiona Kieran – Ceaptha an 1 Feabhra, 2016
Is Lia Comhairleach i Fiona in Ainéistéise agus i Míochaine Dhianchúráim in Ospidéal Beaumont, agus is Comhaltai de Cholaíste Ainéistéisithe na hÉireann. Chomh maith leis an gcéim mhíochaine dá cuid, tá Céim Mástir aici in Eacnamaíocht, Beartas agus Bainistíocht na Sláinte ó Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londan, agus tá staidéar á dhéanamh aici ar dhochtúireacht san Eacnamaíocht leis an Roinn Eacnamaíochta sa Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug sí léachtaí ar ábhair a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus le heacnamaíocht na sláinte laistigh den Cholaíste Ainéistéisithe, agus rinne sí láithreoirachtaí go hidirnáisiúnta ar úsáid cúram sláinte agus ar rochtain ar chúram sláinte. Baineann a réimsí taighde reatha leis an gcaidreamh idir ioncam agus sláinte in Éirinn, agus le feidhmíocht an chórais sláinte a thomhas in ospidéal in Éirinn.




Damien McShane – Ceaptha an 24 Meitheamh, 2019
Is comhairleoir dlí cumasach agus feidhmeannach corparáideach é Damien ag a bhfuil tábhí shuntasach ar leibhéal sinsearach ar fud na hearnála airgeadais. Faoi láthair is compháirtí é i gcéim amháin de ghnólaachtaí dlí príomhúla na hÉireann, agus go díreach roimhe sin bhí sé ina bhall de bhord stiúrthóir ar cheann amháin de na bainc taisceánacha is mó in Éirinn (agus an freagrach as a chuid feidhmeanna taisceánacha i measc gníomhaíochtaí eile. Roimhe sin bhí sé ina chomhairleoir dlí leis an mBanc Ceannais agus le Aviva, áit a raibh tábhí shuntasach aige ar chúrsaí árachais sláinte.

Tá céimeanna aige ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, ó Ollscoil na hÉireann (COBAC), ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Colaíste na Tríonóide), ó Ostaí an Rí agus ó Ollscoil Oxford (Colaíste Iosa), agus le déanaí fuair sé MBA (le gradam) ón ollscoil sin. Is dlíodóir é Damien a glacadh chun cleachtadh in Éirinn (Dlíodóir) agus i Nua-Eabhrac (Aturnae, gan chleachtadh) araon, tugann sé léachtaí ag an Institiúid BaincÉireachta ar chúrsaí dlíthiúla agus rialála, agus gníomhaíonn sé mar iontaobhaí carthanais freisin.

Bhí áthas orm fáilte a chur roimh chúigear Comhairle nua den Udarás in 2019, agus raon leathan de shaineolas, déolas agus de thairní abhartha á thabhairt leo. Ba mhairt liom buíochas a ghabháil leis an Aire Síainte, an tUasal Simon Harris TD, agus leis na hoifigigh freisin sa Roinn Síainte, as a gcuid tacáid chomhroime le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, gabhann an tUdarás a bhúíochas le foireann an Udarás as an obair a rinne siad agus as an tiomantas a thaispeáin siad le linn 2019.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

1 Ráiteas an Chathaoirigh

I gcomhréir le hAit 33(2) den Acht Arachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla an Udarais Árachais Sláinte (“an tUdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019. Comhlíonann an tUdarás roinnt feidhmeanna maidir leis an margadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn, a bhfuil a chóras rialála bunaithe ar na príomhphrionsabail de phobalráit, de rollu oscailte agus de chumhdach saoil agus de shochair fosta.

Bhí an margadh go measartha cobhsal thar chúrsa 2019, de réir mar a tomhaiseadh ag líon na n-árachóirí agus na dtáirgí a bhí ar fáil, ag na líonta a bhí faoi árchas agus ag meánbhóilsciú príomhheanna agus éileamh. Bhí árachóirí fós réamhghníomhach maidir le sochair agus praghsanna táirgí aonair a choigeartú agus seirbhísí agus gnéithe nua a chur leo agus de bharr sin tá an margadh an-chasta go fóill do thomhaltóirí.

Mar aitheantas dó sin, rinne an tUdarás an feachtas faisnéise poiblí dá chuid a leanú le linn na bliana. I measc na dtionscnamh nua bhí freastal ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag Móronach 50 Plus, agallaimh ar raidió áitiúil, nuachtlitreacha do thomhaltóirí agus gníomhaíocht mhéadaithe ar na meáin shóisialta. Rinneadh iarracht leis na tionscnaimh sin, in éineacht le feachtais fógraíochta spríochta, chun an pobal a chur ar an eolas faoi ról an Udarais, faoina gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus faoin gcoigiltéas ionchasach a bhíonn ar fáil mar thoradh ar an margadh is fearr a chuardach. Lean an tUdarás le tomhaltóirí a chuidiú chun an polasai is iomchuí dóibh a shocrú trí uiríis chomparáide an Udarais, atá ar fáil ar a láithreán greasáin, agus tríd an líne chabhreach thiomnaíthe do thomhaltóirí trinar féidir le tomhaltóirí cúnamh a iarraidh ó fhoireann an Udarais.

Tá an tUdarás freagrach as an Scéim um Chomhlíonann Riosca a riar agus a chothabháil, rud atá ina tacar rithbhachtach do phobalráit, agus tá cuntais 2019 den Chiste um Chomhlíonann Riosca a bunáil faoin Scéim san áireamh leis an Tuarascáil seo. Bainistítear an Ciste ar an mbonn go mbeidh ioncam agus eisíocaíochtaí ar cothrom thar am, agus aon bharrachas nó easnamh a réamh-mheastar á thabhairt san áireamh le hathbhreithniú bliantúil agus moltaí an Udarais don Aire.

I bhfanais phaindéim Covid-19, tá an t-ionchas don earráil árachais sláinte in Éirinn agus do thomhaltóirí árachais sláinte neamhchinnite. Chuir an tUdarás aighneacht faoi bháid Choiste Speisialta an Oireachtais maidir leis an bhfreagairt ar Covid-19. Sonraítear léi sin na gearáin ó thomhaltóirí in Albreán agus i mBealtaine 2020 maidir le hiarthairt an ghlaicthe seilbhe ar chumas na n-ospidéal príobháideach uile in Éirinn ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh tréimse tosaigh de thri mhí. Cuirtear an imní in iúl léi freisin maidir leis an suaitheadh sin don chóras sláinte ag tarlú ag an am céanna le suaitheadh eacnamaíoch gan fasach agus an poitéinsial go dtitfeadh an tóin as an gcóras

árachais sláinte beagnach. Aithníonn an tUdarás go bhfuil faomhadh tras-pháirtí ag SláinteCare agus go bhféadfadh árchas sláinte príobháideach ról difriúil a chomhlíonadh ar deireadh thiar agus tacar rialála difriúla ann laistigh den tsamhail sin. Ach ba cheart aon aistriú a phleanáil, áfach, thar roinnt blianta agus ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh leis ar chaitheamh cothrom le tomhaltóirí árachais sláinte.

Tá Coiste á bhunú ag an Udarás chun na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag paindéim Covid-19 ar mhargadh an árachais sláinte a bhreithniú mar aon leis na hiarmhairtí ar an Scéim um Chomhlíonann Riosca agus d’fhoionn treoir a sholáthar don Udarás chun cuidiú leis a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme.

1	Ráiteas an Chathaoirigh	2
2	Comhaltas agus Lucht Bainistíochta an Udarais	4
4	Comhaltas	4
6	An Lucht Bainistíochta	6
8	3 Feidhmeanna an Udarais	8
10	3.1 Rialáil	10
10	3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	10
10	3.1.2 Forbairt Rialála in 2019	10
11	3.1.3 Scéim um Chomhionannú Riosca na hÉireann	11
13	3.1.4 An Ciste um Chomhionannú Riosca	13
13	3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	13
14	3.1.6 Clár na gConarthai Arachais Sláinte	14
15	3.2 Taighde agus Comhairle	15
15	3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Arachais Sláinte	15
17	3.2.2 Taighde arna Choimisiúnú ar an Margadh Arachais Sláinte	17
17	3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe Eile	17
17	3.2.4 Comhairle	17
18	3.3 Leas na dTomhaltóirí	18
18	3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí	18
19	3.3.2 Forbairt	19
19	3.3.3 Fógaraíocht	19
19	3.3.4 Na Meáin Shóisialta	19
20	4 Gnóthai Corparáideacha	20
20	4.1 An Stratéis	20
20	4.2 Rialachas Corparáideach	20
24	4.3 Acmhainní	24
25	Tuarascáil agus Cuntais 2019	25
25	5.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Udarais Arachais Sláinte don bhliain ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019	25
?	Faisnéis faoin Udarás	?
?	An Ciste um Chomhionannú Riosca	?
?	Tuarascáil agus Cuntais 2019	?
48	5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca don bhliain ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019	48
62	6 Aguisíní	62
62	Aguisín A - Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Arachais Sláinte Phróbháidigh in Éirinn, 2019	62
64	Aguisín B - Athruithe ar Eilimh faoi Aois	64
65	Aguisín C - Struchtúr Aoise an Mhargaidh	65
66	Aguisín D 88 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	66
67	Aguisín E - Rátaí um Chomhionannú Riosca	67
69	Aguisín F - Staitisticí um Pobalráití Saoil	69

The paper used in printing this report has been sourced from a paper mill that uses wood pulp from a sustainable and sustained forest. No chlorine was used in the bleaching process.

The Health Insurance Authority
Canal House, Canal Road, Dublin 6.

LoCall: 1850 929 166
Tel: (01) 406 0080
Fax: (01) 406 0081
Email: info@hia.ie
Website: www.hia.ie

Designed & Printed by Anglo Printers Ltd. Tel: 041 98 35000

*Is an mulléann páipéir ina n-úsáidítear laon adhmaid as forais
inbhuanaithe mharthanach a foinsíodh an páipéar a úsáideadh chun an
tuarscáil seo a phrionáil. Níor úsáideadh clóirín sa phróiseas tuartha.*

Designed & Printed by Anglo Printers Ltd. Tel: 041 98 35000

An tUdaráis Arachas Sláinte
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.
Íosghlao: 1850 929 166
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Ríomhphost info@hia.ie
Suíomh Gréasáin: www.hia.ie



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

2019

Annual Report & Accounts

An tÚdarás Árachas Sláinte Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019

The Health Insurance Authority Annual Report & Accounts 2019

Tuarascáil Bhliantúil
agus Cuntais

2019

An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

